An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Lámhleabhar Cláruchain
2022/2023

- Maidir leis an gComhairle
- Coinníollacha Clárúcháin
- Clárúchán a Athnuachan
- Caighdeáin ghairmiúlachta
- Sonraí comhfhreagrais a leasú

## Sonraí Clárúcháin

### Breactar do chuid sonraí clárúcháin thíos gur furasta iad a aimsiú arís

M'uimhir clárúcháin:

An dáta athnuachana gach bliain : (LL/MM)

Coinníollacha Clárúcháin: Spriocdháta maidir leis an gcoinníoll a shásamh:

Nótaí faoin gclárúchán:

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7XO, Éire

Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
Rphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Focal Fáilte | 2 |
| Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ó Stiúrthóir na Comhairle | 3 |
| Maidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta | 4 |
| Gluais Téarmaí | 4 |
| Clárú faoi réir coinníollacha | 4 |
| Coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta - *Droichead* | 5 |
| Coinníollacha eile le Clárú | 7 |
| Coinníoll na Gaeilge (ILR) (Bunscolaíocht) | 7 |
| Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann (H&S) (Iarbhunscolaíocht) | 7 |
| Easnamh Cáilíochta (QS) (Bunscolaíocht & Iarbhunscolaíocht) | 7 |
| Coinníollacha maidir le Teist Dea-thréithe (ECP) (Bunscolaíocht & Iarbhunscolaíocht) | 7 |
| Modh 5 - Mic Léinn Múinteoireachta | 8 |
| Achomharc maidir le coinníoll le clárú | 9 |
| Dátaí choinníollacha a dhul i léig | 9 |
| Iarratas ar shíneadh le tréimhse clárúcháin faoi réir coinníollacha | 9 |
| Mainneachtain coinníoll le clárú a shásamh | 9 |
| Ainm a chur ar an gClár in Athuair | 10 |
| Logáil isteach ar “Mo Chlárú” | 10 |
| Teacht an Phobail ar an gClár | 10 |
| Grinnfhiosrúchán | 11 |
| Treoir don Mhúinteoir Cláraithe maidir leis na Meáin Shóisialta agus Cumarsáid Leictreonach | 11 |
| Caighdeáin Gairmiúlachta | 11 |
| Bearta Fiosrúcháin maidir le Gearáin faoi mhúinteoirí cláraithe (cuibheas chun múinteoireachta) | 11 |
| Athnuachan bliantúil ar chlárúchán | 12 |
| Faoiseamh ó Cháin Ioncaim | 12 |
| An Modh Athnuachana | 12 |
| Tábhachtach – sonraí comhfhreagrais a choinneáil cothrom le dáta | 12 |
| FÉILTE - 02 Deireadh Fómhair 2021 | 13 |
| Cothú an Chaidrimh | 14 |
| Comhfhreagras | 14 |
| Aguisín 1 - *Droichead*: Treoir Ghonta | 15 |
| Aguisín 2 - Dul chun cinn maidir le rialáil bunaithe ar ghnéithe gairmiúlachta a thabhairt chun cinn | 17 |

# Focal Fáilte


Cuirtear mionsonraí tábhachtacha ar fáil sa lámhleabhar seo maidir lena leagtar de ról agus d'fheidhmeanna ar an gComhairle Mhúinteoireachta agus maidir le clárú leis an gComhairle a choinneáil ar bun.

Is comhartha aitheantais an clárúchán i ngairm an mhúinteora. Cinntítear leis go gcloítear leis na caighdeáin atá i réim i ndáil le hiontráil sa ghairm.

Ceadaítear clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta an tráth a sásaíonn múinteoir coinníollacha na Comhairle maidir le cáilíochtaí agus le teist dea-thréithe pearsanta.

Éilítear ar mhúinteoirí cáilithe coinneáil le caighdeáin arna leagan síos ag an gComhairle lena n-áirítear An Cód Iompair Gairmiúlachta do Mhúinteoirí.

Tá clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta de choinníoll maidir le múinteoirí a íoc as cistí poiblí (Alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001; Ciorclán 0025/2013 na Roinne Oideachais agus Scileanna).



# Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ó Stiúrthóir na Comhairle

### A mhúinteoir chláraithe, a chara

### Comhghairdeas leat ar do chlárú mar mhúinteoir!

Comhghairdeas leat ar do chlárú i do mhúinteoir. Baineann tú anois le ceann de na gairmeacha is tábhachtaí i saol na tíre. Ar do chlárú i do mhúinteoir, tá tús á chur le céim nua den oideachas leanúnach sa mhúinteoireacht.

Táthar go láidir den tuairim sa Chomhairle Mhúinteoireachta go dtéann an mhúinteoireacht i gcion ar shaol an uile dhuine sa tír ar bhealaí nach dtéann aon saothar gairme eile. Tá gar do mhilliún dalta i mbreis agus 4,000 scoil agus tá cion tairbhe as cuimse ó dhéanamh ag lucht ghairm na múinteoireachta maidir le saol cathartha agus sóisialta mhuintir na hÉireann. Tá muinín ag tuismitheoirí agus caomhnóirí as fiúntas an an oideachais agus as fónamh na múinteoirí a shaothraíonn sna scoileanna. Cuirtear i gcúram na múinteoirí cuidiú le hullmhú na ndaltaí don saol ina saoránaigh oilte dóibh agus lena dteacht chun cinn ina ndaoine lánacmhainneacha.

Áirítear ar chuspóirí buntábhachtacha na Comhairle gairm an mhúinteora a chur chun cinn agus caighdeáin na gairme a choinneáil agus a fheabhsú sa chaoi is go leantar den chion tairbhe sin a dhéanamh. Ina bhun sin, fónann an Chomhairle do leas an phobail an tráth céanna a gcuirtear le dea-chlú na gairme.

Is féidir trí cinn de bhonnchlocha a lua le caighdeáin aon ghairm ar bith a chaomhnú: na caighdeáin iontrála a leagan síos; a dheimhniú go gcoinníonn lucht na gairme leis na caighdeáin sin i rith a ré gairme ar fad; agus déileáil le feidhmiúlacht chun teagaisc ar bhealach a fheictear do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do na páirtithe leasmhara go léir a bheith cóir, daingean, follasach. Is í an Chomhairle freisin atá freagrach as na gnéithe sin ar fad de ghairm an na múinteoireachta.

Moltar duit, agus impítear ort, an lámhleabhar seo a léamh. Leagtar amach ann feidhmeanna na Comhairle go ginearálta agus tugtar treoir maidir leis na gnáis phríomhthábhachtacha, an próiseas maidir le hathnuachan bliantúil an chlárúcháin san áireamh. Tá eolas breise faoi ról na Comhairle Múinteoireachta ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie.

Mar fhocal scoir, is mian linn, thar ceann na Comhairle, gach rath a ghuí ort i rith do ré gairme agus tá súil againn go mbeidh oiread tairbhe agus fiúntais as agat féin agus a bheidh ag an uile dhuine de do chuid daltaí.

Le gach dea-mhéin,



**Michelle Keane**
*Cathaoirleach*



**Phil Fox**
*Stiúrthóir Gníomhach*

# Maidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla don mhúinteoireacht, a dhéanann caighdeáin ghairmiúla na gairme a chur chun cinn agus a rialáil. Cuireadh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bun faoi Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 go dtí 2015. Déanann an Chomhairle leas an phobail a chosaint agus tá ról na comhairle ar aon dul ar bhealaí go leor le ról chomhlachtaí rialála gairme eile de leithéid Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann agus Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

37 comhalta atá ar an gComhairle, 22 acu sin ar múinteoirí iad, agus tugtar de chumhacht don Chomhairle faoin:

- caighdeáin iontrála a leagan síos maidir le gairm na múinteoireachta
- Clár Múinteoirí a choinneáil
- coinníollacha maidir le hoideachas gairme a leagan síos do mhúinteoirí
- cód iompair gairmiúlachta a fhoilsiú
- fiosrú a dhéanamh maidir le gearáin faoi mhúinteoirí cláraithe.

Ó thráth a bunaithe sa bhliain 2006, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle maidir le hiomlán na bhfeidhmeanna. Tugtar sonraí níos mine in Aguisín 2 leis an lámhleabhar seo.

Níl tosach feidhme curtha go fóill ag an Aire Oideachais agus Scileanna le réimsí áirithe den Acht, lena n-áirítear Alt 39 a bhaineann le feidhm na Comhairle maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

Ina chomhthéacs sin, sheol an Chomhairle Cosán, an Creat Náisiúnta um Fhoghlaim Mhúinteoirí. Tá an Chomhairle anois i mbun phróiseas forbartha maidir le Cosán. Más maith leat breis eolais a fháil faoin bpróiseas sin, seoltar teachtaireacht ríomhphoist chuig cosan@teachingcouncil.ie nó féach an chuid de láithreán gréasáin na Comhairle maidir le hOideachas Múinteoirí.

Tá an Chomhairle ag tnúth le tosach feidhme na réimsí uile freagrachta ionas gur féidir an ról iomlán faoin reachtaíocht a chur i gcrích.

# Gluais Téarmaí

## Múinteoir Cláraithe

Ciallaíonn 'Múinteoir cláraithe' múinteoir ar bith atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, ábhar múinteoirí san áireamh atá ag dul faoi oiliúint agus atá cláraithe faoi Bhealach 5.

**Sainmhíniú ar Mhúinteoir Nuacháilithe**

Tá de shainmhíniú ag an gComhairle gur ionann "múinteoir nuacháilithe" nó "MNC" agus múinteoir a shásaíonn coinníollacha na Comhairle maidir le cáilíochtaí faoi Bhealach 1, 2 ar 4 den Sceideal ach nach bhfuil cleachtas gairimiúil curtha isteach aige nó aici ar feadh an tréimhse is gá, múinteoir san áireamh ar trí Bhealach 5 a tháinig sé/sí ar an gclár agus a bhfuil an clár creidiúnaithe in oiliúint múinteoirí críochnaithe aige/aici ó shin ar ina leith a rinneadh é/í a chlárú.

# Clárú faoi réir Coinníollacha

Déantar clárú faoi réir coinníollacha (clárú coinníollach) sa chás nach bhfuil na riachtanais uile maidir le clárú, arna leagan síos ag an gComhairle, comhlíonta ag an iarratasóir ar chlárúchán. Sa chás go gceadaítear clárú coinníollach, cuireann an Chomhairle na coinníollacha a ghabhann le clárú an mhúinteora, na bearta is gá chun na coinníollacha sin a shásamh agus an tréimhse a cheadaítear chun iad a shásamh, in iúl don mhúinteoir. Déantar na coinníollacha a lua ar Chlár na Múinteoirí agus ar Theastas Clárúcháin an mhúinteora.

Is féidir le múinteoir mionsonraí faoin gclárú, na coinníollacha a ghabhann leis an gclárú san áireamh, a sheiceáil faoin gcuid de láithreán gréasáin na Comhairle a bhfuil Mo Chlárú mar theideal air www.teachingcouncil.ie.

Ar chlárú den chéad uair, seoltar Teastas Clárúcháin chuig an múinteoir ar a luaitear aon choinníoll a ghabhann leis an gclárú. Go ginearálta, rangaítear coinníollacha i dhá aicme:

1. **Coinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta (e.g. *Droichead*)**
2. **Coinníollacha eile.**

An tráth a gcuirtear múinteoir ar an gclár den chéad uair, d'fhéadfadh go luaifí aon choinníoll amháin nó coinníollacha acu seo a leanas leis/léi maille le spriocdháta sonrach, trí bliana ó dháta an chlárúcháin de ghnáth.

D'fhéadfadh, ó am go chéile, go gcuirfeadh an Chomhairle múinteoir coinníollacha seachas iad seo a leanas le clárú múinteora. Ina leithéid de chás, cuirfidh an Chomhairle eolas sonrach ar fáil don mhúinteoir tráth an chláraithe.

## Múinteoirí Bunscolaíochta

1. *Droichead*
2. Easnamh Cáilíochta (QS)
3. Coinníoll Gaeilge (ILR)

## Múinteoirí Iarbhunscolaíochta

1. *Droichead*
2. Easnamh Cáilíochta (QS)
3. Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann (H&S)
4. Coinníoll C-19 maidir le Taithí Cónaí.

Tugtar míniú breise faoi na coinníollacha sin ar fad ar na leathnaigh seo thíos.

## Coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta

### *Droichead (Bunscolaíocht & Iarbhunscolaíocht)*

**Cad atá i gceist le *Droichead*?**
Is creat slánchóirithe ionduchtúcháin gairme do mhúinteoirí nuacháilithe (MNC), agus do mhúinteoirí nach bhfuil cleachtas gairmiúil ar feadh an tréimhse dlite curtha isteach acu cheana féin, atá in Droichead. Is é ré gairme agus slí gairme an mhúinteora atá i gceist leis go bunúsach. Is gné bhuntábhachtach den phróiseas an caidreamh a bhíonn ag múinteoir le comhghleacaithe a bhfuil cleachtadh níos mó acu ar an ngairm agus machnamh ar an bplé gairmiúil a dhéantar ar a bhfuil á fhoghlaim agus á chleachtadh ag an múinteoir i mbun na gairme. Ghlac an Chomhairle de pholasaí leis an múnla seo sa bhliain 2016. Ón mbliain scoile 2020/2021 amach, tá Droichead ar an aon mhodh ionduchtúcháin amháin ag múinteoir nuacháilithe bunscolaíochta nó iarbhunscolaíochta.

Is féidir tús a chur le Droichead gan bheann ar choinníollacha atá le sásamh go fóill, mar shampla Coinníoll na Gaeilge. Ós próiseas slánchóirithe ionduchtúcháin Droichead, sásaítear na coinníollacha traidisiúnta maidir le Promhadh, Fostaíocht Iarcháilíochta agus Ceardlanna Ionduchtúcháin leis an bpróiseas Droichead. Reáchtáiltear Droichead gach bliain, i rith na bliana acadúla agus éilítear ar mhúinteoirí an próiseas a thabhairt chun críche lena linn sin.

### Próiseas *Droichead*

Tá dhá phríomhshnáithe ag baint le próiseas Droichead, agus ní mór an dá shnáithe a chríochnú:

**Snáithe A**
Snáithe ionduchtúcháin atá bunaithe ar an scoil an chéad cheann agus bíonn cúnamh taca ag an múinteoir nuacháilithe ó mheitheal comhghleacaithe lánoilte lena linn ar a dtugtar an Mheitheal Tacaíochta Ghairmiúil (MTG). Tugtar san áireamh breathnóireacht, plé gairmiúil agus Taisce (punann) agus cuirtear seo i gcrích le linn tréimhse leanúnach teagaisc. Ní foláir do mhúinteoir bunscolaíochta bloc 60 lá scoile as a chéile a dhéanamh i mbun fostaíochta i dtimpeallacht incháilithe agus gach réimse de Churaclam na Bunscoile á mhúineadh aige/aici do ghnáthrang daltaí (aonghráid nó ilghráid) ar feadh uaireanta uile an lá scoile. I gcásanna áirithe, is féidir le múinteoir nuacháilithe Droichead a dhéanamh i ról múinteoireachta maidir le hoideachas speisialta e.g. tacaíocht foghlama/ tacaíocht teanga /múinteoireacht acmhainne.

Ní foláir do mhúinteoir iarbhunscolaíochta bloc nach lú ná 200 uair a chloig d’fhostaíocht múinteoireachta a dhéanamh i dtimpeallacht incháilithe lena n-áirítear, ábha(i)r de chuid an churaclam iarbhunscolaíochta a mhúineadh do rang ainmnithe ar thráthchlár na scoile, nó fostaíocht i bpost múinteoireachta maidir le hoideachas speisialta, mar shampla tacaíocht foghlama/ tacaíocht teanga /múinteoireacht acmhainne.

**Snáithe B**
Is é a bhaineann leis an dara snáithe bearta foghlama gairmiúla breise lena n-áirítear cruinnithe grúpaí do Mhúinteoirí Nuacháilithe (cruinniú in aghaidh an téarma ar feadh ré phróiseas Droichead an mhúinteora nuacháilithe) agus beart foghlama gairmiúil amháin eile de réir riachtanais an mhúinteora nuacháilithe..

#### An modh iarratais maidir le *Droichead*

Is féidir iarratas maidir le próiseas Droichead a leanúint a dhéanamh trí thairseach na Comhairle Múinteoireachta. Chun teacht ar an tairseach, ceanglaítear le láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta - www.teachingcouncil.ie - agus roghnaítear “Logáil isteach”.

Ó bhítear logáilte isteach sa chuntas tairsigh, roghnaítear “Mo Chlárú“ ar dtús agus an cnaipe maidir le Mionsonraí ina dhiaidh sin i ndáil leis an gcoinníoll maidir le Droichead .

Ionas gur féidir leat cur isteach ar Droichead ní mór duit tairiscint fostaíochta / conradh a bheith faighte agat i scoil ina bhfuiltear oilte ar phróiseas Droichead a chur i gcrích. Ní foláir an fhostaíocht a bheith i dtimpeallacht lena sásaítear nó lena sáraítear na coinníollacha maidir le tréimhse ama atá de dhíth. Ní mór iarratas maidir le próiseas Droichead a leanúint a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ó théitear i mbun na fostaíochta atá ináirithe.

**Sula gcuirtear isteach ar Droichead, is den riachtanas go ndéanann tú:**

1) dul i gcomhairle leis an bPríomhoide agus a chinntiú go bhfuil aontú an Phríomhoide agat leis an iarratas agus go bhfuil an Príomhoide toilteanach freastal don phróiseas i do leith trí bheirt ar a laghad de chomhaltaí oilte na Meithle Tacaíochta Gairmiúla a chur ar fáil. De mhalairt air sin, d'fhéadfadh an Príomhoide dul i gcomhairle leis an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) d'fhonn a shocrú go gcuirtear meitheal sheachtrach MTG ar bun nó meitheal MTG ilscoileanna a d'oibreodh i gcomhar i mbun cúnamh taca agus meantóireachta duit agus próiseas *Droichead* ar siúl agat. Tá sonraí comhfhreagrais maidir le CNIM ar fáil ar www.teacherinduction.ie. Is den tábhacht a thabhairt chun aire nach féidir leat tús a chur le Droichead go dtí go mbíonn an dá lá tosaigh dá gcuid oiliúna maidir le MTG le CNIM curtha isteach ag an Meitheal Tacaíochta Ghairmiúil a bhaineann le hábhar. Ní féidir an próiseas Droichead i do leith a thabhairt chun críche go mbíonn ceithre lá a gcuid oiliúna maidir le MTG curtha isteach ag an MTG agus gach gné déanta agatsa den ionduchtúchán bunaithe ar an scoil agus de na bearta foghlama gairmiúla.
2) Cuid 2 den cháipéis maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta & Nósanna Imeachta agus Critéir a léamh agus a thuiscint ionas go mbítear ar an eolas go hiomlán faoi phróiseas Droichead agus a n-éilítear ortsa chun a thabhairt chun críche. Tá an cháipéis sin ar fáil faoi "Foilseacháin" ar www.teachingcouncil.ie.
3) na Socruithe Eatramhacha a léamh a fhoilsítear gach bliain agus ina leagtar amach gnéithe solúbthachta arna dtabhairt i bhfeidhm d'fhonn fónamh do mhúinteoirí, do scoileanna agus do mheithle MTG i mbun an phróisis. Tá an cháipéis sin ar fáil faoi "Foilseacháin" ar www.teachingcouncil.ie.

A luaithe a ghlactar le d'iarratas maidir le *Droichead*, tiocfaidh deimhniú ina leith sin ar an ríomhphost chugat ón gComhairle Mhúinteoireachta ina luaitear an dáta tosaigh. **Ní ceart duit** tús a chur le próiseas *Droichead* go dtí go dtagann an deimhniú ríomhphoist sin chugat. Bíonn cóip den deimhniú ríomhphoist sin de dhíth ar an meitheal MTG chun tús a chur leis an bpróiseas. Beidh cóip de dhíth freisin ar CNIM i ndáil le freastal ar chruinnithe grúpaí.

## An coinníoll maidir le Droichead a ghlanadh ón gclárú

Nuair a bhíonn an dá shnáithe den phróiseas *Droichead* tugtha chun críche, ní mór don mhúinteoir agus do chomhaltaí uile an MTG Foirm D maidir le *Droichead* a líonadh ar líne. Is féidir Foirm D maidir le *Droichead* a líonadh ar thairseach na Comhairle Múinteoireachta. Chun teacht ar an tairseach, ceanglaítear le láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta - www.teachingcouncil.ie - agus roghnaítear "Logáil isteach".

Ó bhítear logáilte isteach sa chuntas tairsigh, roghnaítear "Mo Chlárú" ar dtús agus an cnaipe maidir le Mionsonraí ina dhiaidh sin i ndáil leis an gcoinníoll maidir le *Droichead*. Cuirtear rogha os do chomhair ansin maidir le Foirm D a líonadh. Nuair a fhaightear sin, agus gach ní mar is ceart, glanann an Chomhairle an coinníoll maidir le *Droichead*.

Glanfaidh an Chomhairle an coinníoll maidir le *Droichead* agus coinníollacha eile maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta de réir mar is cóir. Tugtar chun aire go bhféadann an Chomhairle an fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid ar Fhoirm D a dhearbhú leis an scoil, le comhaltaí an MTG agus le gníomhaireachtaí/comhlachtaí eile.

**Cáipéis Thábhachtach: Sa cháipéis maidir le Socruithe Eatramhacha, cuirtear eolas tábhachtach ar fáil do mhúinteoirí faoi ghnéithe solúbthachta a ghabhann le próiseas *Droichead*. Tá tábhacht faoi leith leis an gcáipéis ag múinteoirí a bheadh ag athrú idir *Droichead* agus na próisis thraidisiúnta; agus ag Múinteoirí Bunscolaíochta atá á bhfostú i mbun comhroinnt poist nó ar chonradh páirtaimseartha ar feadh na scoilbhliana ar fad. Foilsítear an cháipéis gach bliain roimh thús na scoilbhliana agus bíonn sí ar fáil ar www.teachingcouncil.ie**

# Coinníollacha eile le clárú

## Coinníoll na Gaeilge (ILR) (Bunscolaíocht)

Sa chás gur taobh amuigh d'Éirinn* a rinne iarratasóir clár tosaigh oiliúint múinteora sa bhunoideachas déanfar é/í a chlárú faoi réir choinníoll ar a dtugtar Coinníoll na Gaeilge (ILR).

Chun an coinníoll sin a ghlanadh den chlárúchán, ní mór dósan/dise inniúlacht a léiriú ar theagasc na Gaeilge agus ar réimse na n-ábhar faoi churaclam na bunscoile a theagasc trí Ghaeilge. Tugtar de rogha don mhúinteoir a chláraítear faoi réir Choinníoll na Gaeilge inniúlacht sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge sa bhunscoil a léiriú trí Thriail Inniúlachta nó trí Thréimhse Oiriúnaithe. Ní mór don iarratasóir a roghnaíonn Tréimhse Oiriúnaithe tréimhse fostaíochta/socrúcháin ar a laghad 120 lá a bheith réamhcheaptha ina leith ionas gur féidir leo a léiriú lena linn go bhfuil de chumas iontu an coinníoll seo a shásamh.

Cuireann Institiúid Oideachais Marino Trialacha Inniúlachta ceadaithe agus Tréimhsí Oiriúnaithe faoi mhaoirseacht ar fáil do mhúinteoirí faoi na cláir An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (S.C.G.) agus Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (O.C.G.). Tá breis eolais ar fáil ar www.ilrweb.ie.

## Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann (H&S) (Iarbhunscolaíocht)

Sa chás gur taobh amuigh d'Éirinn a rinne iarratasóir ar chlárú an clár tosaigh oiliúint múinteora san iarbhunoideachas, leagtar de choinníoll ar an iarratasóir sin Trial Inniúlachta nó Tréimhse Oiriúnaithe maidir le Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann a dhéanamh agus caighdeán sásúil a bhaint amach. Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta an trial ar líne saor ó tháille ar fail tráthanna éagsúla i rith na bliana. Is féidir dátaí scrúduithe agus sonraí áirithinte a aimsiú ar an láithreán gréasáin www.teachingcouncil.ie nó sna mionsonraí faoi Choinníollacha nuair atá múinteoir logáilte isteach sa chuntas Mo Chlárú.

## Easnamh Cáilíochta (QS) (Bunscolaíocht & iarbhunscolaíocht)

Is é is iondúla gur maidir le múinteoir ar taobh amuigh d'Éirinn a ghnóthaigh sé nó sí cáilíocht, agus tar éis measúnacht a dhéanamh maidir leis an gcáilíocht sin, a chuirtear coinníoll maidir le hEasnamh Cáilíochta (QS) i bhfeidhm.

Sa chás go dtugtar easnamh maidir le cáilíochtaí iarratasóra (bunchéim nó cáilíocht in oideachas múinteoireachta) chun suntais cuirtear na gnéithe easnamhacha in iúl don iarratasóir chomh maith leis an tréimhse ama chun an cás a chur ina cheart (trí bliana ón dáta clárúcháin de ghnáth).

Is é is iondúla go ndéantar easnamh cáilíochta a chúiteamh trí mhodúl, cúrsa nó scrúdú (triail inniúlachta) ceadaithe a dhéanamh go sásúil nó trí thréimhse cleachtais faoi mhaoirseacht (tréimhse oiriúnaithe) a chur isteach agus d'fhéadfadh go mbeadh cúrsa réamhordaithe breisoideachais i gceist leis an dara modh chomh maith.

## Coinníoll C -19 maidir le Taithí Cónaí

Ó tharla go bhfuil fianaise ar thaithí cónaí ina réamhchoinníoll maidir le clárú, is coinníoll sealadach éigeandála seo arna chur i bhfeidhm mar gheall ar Covid agus déantar a cheadú go ceann tréimhse aon bhiain athnuachana amháin. Ligeann sin don mhúinteoir oibriú i gcáil mhúinteora lánch____ailithe an tráth a dtugtar am breise chun fuílleach an ama a chur isteach a theastaíonn chun an coinníoll a shásamh.

## Coinníollacha maidir le Teist Dea-thréithe (ECP) (Bunscolaíocht & iarbhunscolaíocht)

Ní mór don uile iarratasóir ar chlárú lón fianaise a chur ar fáil gur duine cuí oiriúnach é/í maidir lena c(h)ur ar an gClár:

- an chuid sin den fhoirm iarratais ar líne maidir le clárúchán a bhaineann le Teist Dea-thréithe a líonadh agus
- cur isteach ar nochtadh grinnfhiosrúcháin tríd an gComhairle
- fógra ó phóilíní i dtír (tíortha) iasachta a chur ar fáil (má bhaineann le hábhar)

D'fhéadfadh Painéal Teist ar Dhea-thréithe na Comhairle ("an Painéal") fianaise breise a lorg freisin d'fhonn a dhearbhú gur duine cuí oiriúnach le cur ar an gClár an t-iarratasóir. D'fhéadfadh an Painéal, ar an bhfianaise a chuirtear ar fáil a mheas, cinneadh ar chlárúchán faoi réir coinníollacha a cheadú.

**Mar chuid den dúthracht maidir le feabhas leanúnach, tá malairt bealaí á scrúdú ag an gComhairle faoi láthair maidir le déileáil le coinníollacha faoi easnamh cáilíochta agus H&S atá gan sásamh go fóill agus d'fhéadfadh go dtabharfaí leasuithe i bhfeidhm. Ina leithéid de chás, cuirfear sin in iúl d'aon mhúinteoir lena mbaineann.**

** (ach amháin an PGGE trí mheán na Gaeilge nó an cúrsa onóracha ceithre bliana sa Ghaeilge acadúil i gColáiste Mhuire, Béal Feirste)*

# Modh 5 - Mic Léinn Múinteoireachta

D'aontaigh an tAire Oideachais, maille le Cathaoirleach agus Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, leasú ar na Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) agus síníodh na rialacháin i mí na Nollag 2021. Fágann an leasú gur féidir le mic léinn múinteoireachta a bhfuil an dá bhliain tosaigh de cháilíocht creidiúnaithe fochéime in Oideachas Tosaigh Múinteoireachta (bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht) curtha díobh go sásúil acu, cur isteach ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Mhodh 5 - Mic Léinn Múinteoireachta.

Tagann clárú faoi Mhodh 5 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

1. Tá ceangailte ort leanúint i do mhac léinn cláraithe ar an gclár creidiúnaithe in oideachas múinteoireachta ar ina leith a rinne tú iarratas maidir le clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta go dtí go gcuirtear an clár sin i gcrích go sásúil.
2. Is ar bhonn ionadaíochta amháin is féidir leat tabhairt faoi mhúinteoireacht go dtí go gcuirtear an clár creidiúnaithe in oideachas múinteoireachta i gcrích go sásúil ar i ndáil leis a rinneadh tú a chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
3. Tá ceangailte ort páirt iomlán a ghlacadh sa chlár creidiúnaithe in oideachas múinteoireachta go dtí go gcuirtear an clár sin i gcrích go sásúil.
4. Tá ceangailte ort cleachtas gairmiúil faoi mhaoirseacht, de réir mar atá leagtha síos ag an gComhairle, a chur isteach laistigh de thréimhse 3 bliana ón dáta a gcuirtear an clár creidiúnaithe in oideachas múinteoireachta i gcrích go sásúil.

Is féidir clárú sealadach a cheadú go ceann tréimhse aon bhilain amháin, dhá bhliain nó trí bliana ag brath ar an mbliain ina bhfuil tú agus fad chlár na cáilíochta. Is le linn duit a bheith i do mhac léinn ar chlár creidiúnaithe maidir le cáilíocht in oideachas múinteoireachta bunscolaíochta/iarbhunscolaíochta a leanann clárú faoi Mhodh 5.

Ar cháilíocht a ghnóthú duit ar an gclár creidiúnaithe san oideachas a chríochnú go sásúil, tabharfar cuireadh duit clárú leis an gComhairle faoin modh clárúcháin incháilithe i.e. Modh 1- Bunscolaíocht nó Modh 2- Iarbhunscolaíocht.

Ar chlárú duit faoi Mhodh 1 nó faoi Mhodh 2, is féidir ansin iarratas a chur isteach maidir le Droichead, próiseas slánchóirithe ionduchtúcháin na Comhairle maidir le gairm an mhúinteora.

## Achomharc maidir le coinníoll le clárúchán

Sa chás go gceanglaíonn an Painéal Cáilíochtaí nó an Painéal Teist ar Dhea-thréithe coinníoll le clárúchán, is féidir leis an múinteoir athbhreithniú ar chinneadh na Comhairle a iarraidh laistigh de 21 lá ó dháta an chinnidh sin. Ceadaítear an Próiseas maidir le hAthbhreithniú Clárúcháin ar www.teachingcouncil.ie.

Sa chás nach dtagann de thoradh ar athbhreithniú den sórt sin go gcuirtear athrú ar chinneadh na Comhairle coinníollacha a cheangal le clárú, is féidir leis an iarratasóir iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte maidir le cinneadh múinteoir a chlárú faoi réir coinníollacha clárúcháin faoi Alt

31(8) d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta a chur ar neamhní.

## Dátaí choinníollacha a dhul i léig

Cé gur go ceann tréimhse aon bhliain amháin a leanann clárú, is iondúil coinníollacha a cheangal le clárú go ceann uastréimhse trí bliana. Tugann sin dóthain ama don mhúinteoir beart a dhéanamh maidir leis na coinníollacha a shonraítear.

Sa chás nach ndéantar beart dóthanach i ndáil le coinníoll sula mbíonn an tréimhse sonraithe caite, d'fhéadfadh go rachadh an clárúchán i léig.

D'fhéadfadh múinteoir, de mhalairt air sin, síneadh ama a iarraidh sa chás go mbaineann imthosca maolaitheacha leis an gcás.

## Iarratas ar shíneadh le tréimhse clárúcháin faoi réir coinníollacha

Sa chás nach féidir le múinteoir coinníollacha le clárúchán a shásamh sula mbíonn an tréimhse caite a cheadaítear ina leith sin, is féidir leis an múinteoir síneadh ama a iarraidh ar an gComhairle. Tá eolas faoin modh inar féidir iarratas ar shíneadh ama a dhéanamh ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie. Beidh ar an múinteoir cuntas a thabhairt ar na deacrachtaí agus/nó na tosca maolaitheacha a fhágann nach féidir na bearta is gá a chur i gcrích i rith an tréimhse sonraithe. Déanfaidh an Chomhairle iarratas den sórt sin a bhreithniú i ndáil leis an gcoinníoll a cheanglaítear leis an gclárú, an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir leis an gcoinníoll a shásamh, agus an obair atá le déanamh go fóill.

Déantar gach iarratas ar shíneadh ama a bhreithniú de réir fhiúntas an cháis sin amháin. Is iondúil síneadh ama a cheadú i ndáil le cúiseanna acu seo a leanas, ach ní ar na cúiseanna seo amháin a tharlaíonn sin:

- breoiteacht fhadtéarmach a choinníonn múinteoir ón obair nó breoiteacht thromchúiseach ar neasghaol i gcás ina raibh an múinteoir ina c(h)úramóir
- bás dhuine muinteartha nó chleithiúnaí
- saoire máithreachais, atharthachta, uchtála nó gan phá
- níor éirigh leis an múinteoir fostaíocht a aimsiú den chineál a bheadh riachtanach chun an coinníoll a shásamh
- taisteal fadtéarmach thar sáile nó fostaíocht taobh amuigh d'Éirinn, agus
- lean an múinteoir clár oideachais lánaimseartha nó cúrsa lánaimseartha maidir le cáilíocht a ghnóthú.

Is ceart iarratas ar shíneadh ama a dhéanamh ar a laghad sé mhí roimh dháta dhul i léig an choinníll ach gan a dhéanamh róluath roimhe sin. Ní mór fianaise cáipéisíochta a chur ar fáil i ndáil leis an iarratas ar shíneadh ama.

## Mainneachtain coinníoll clárúcháin a shásamh

Tá de fhreagracht ar mhúinteoir a chláraítear faoi réir coinníollacha a chur in iúl don Chomhairle go bhfuil na coinníollacha sásaithe sula mbíonn an dáta a chuirtear leis an gcoinníoll caite. Is den tábhacht a thabhairt chun aire nach féidir le múinteoir clárúchán a athnuachan go dtí go bpléitear le haon choinníoll atá gan comhlíonadh go fóill trí fhianaise ar shásamh an choinníll nó iarratas ar shíneadh ama a chur faoi bhráid. Sa chás go n-iarrtar síneadh ama, ní mheasfar gur bailí an clárúchán go dtí go n-aontaíonn an Chomhairle síneadh ama a cheadú - ceadaítear leathanach 11 sa lámhleabhar maidir le heolas faoi Athnuachan.

Sa chás nach gcomhlíonann múinteoir cláraithe coinníoll a cheanglaítear le clárú laistigh den tréimhse a cheadaítear ina leith sin, agus nach bhfuil iarratas ar shíneadh ama déanta ag an múinteoir nó ceadaithe ag an gComhairle, rachaidh clárú an mhúinteora sin i léig. Ciallaíonn sin nach múinteoir cláraithe an té sin níos mó agus nach féidir leis/léi tuarastal arna mhaoiniú ag an Stát a fháil.

**Tá de fhreagracht ar mhúinteoir cláraithe a chur in iúl don Chomhairle go bhfuil coinníoll á shásamh sula dtarlaíonn an dáta dul i léig.**

## Clárú in Athuair

Sa chás go dtéann clárú múinteora i léig agus gur mian leis an múinteoir a (h)ainm a chur in athuair ar an gClár, beidh feidhm le forálacha faoi Alt 31(5) d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta. Tiocfaidh i gceist leis sin foirm iarratais ar chlárúchán, arna líonadh go hiomlán, a chur faoi bhráid, lena n-áirítear teist ar dhea-thréithe pearsanta, grinnfhiosrúchán an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, fógra ó phóilíní i dtír/i dtíortha iasachta más gá, trascríbhinn(í) cáilíochta(í) (murar cuireadh faoi bhráid cheana), an táille clárúcháin agus aon ní eile a shocraíonn an Chomhairle a bheith de dhíth maidir le clárúchán.

Sa chás go bhféachann múinteoir lena (h)ainm a chur ar an gClár in athuair (tar éis mainneachtain coinníoll le clárú a shásamh), ní féidir sin mura mbíonn an(na) coinníoll(acha) a ceanglaíodh an chéad uair sásaithe nó síneadh ama ceadaithe ina leith. Ní mór fianaise ar shásamh an choinníll (na gcoinníollach) nó ar iarratas maidir le síneadh ama (tugtar eolas faoin modh iarratais maidir le síneadh ama ar láithreán gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie) a chur faoi bhráid in éineacht leis an iarratas ar chlárú in athuair.

Sa chás go ndéanann múinteoir atá cláraithe faoi réir coinníollacha a (h)ainm a bhaint den Chlár dá d(h)eoin féin agus go n-iarrann an múinteoir sin tráth is faide anonn a (h) ainm a chur ar an gClár in athuair, is féidir fuílleach an tréimhse ama a ceadaíodh ar dtús chun coinníoll(acha) a shásamh a cheadú don mhúinteoir.

Is den tábhacht a thabhairt chun aire go dtiocfaidh iarratas ainm a chur ar an gClár in athuair faoi réir na bpróiseas agus na ngnás atá i bhfeidhm tráth an iarratais.

## Teacht ar mo chuid sonraí clárúcháin

Is féidir le múinteoirí cláraithe logáil isteach ar líne, a gcuid sonraí clárúcháin a bhreathnú agus a leasú. Mo Chlárú a thugtar ar an áis sin atá ar fáil ar www.teachingcouncil.ie. Bíonn ar mhúinteoir atá ag úsáid na seirbhíse den chéad uair an cuntas tairsigh MoChlárú a chur ar siúl. Tugtar mioneolas faoi cheangal le cuntas/cuntas a chur ar siúl sna freagraí ar Cheisteanna Coitianta maidir leis an Tairseach MoChlárú ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie.

Moltar do mhúinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid sonraí clárúcháin agus iad a leasú de réir mar is gá sin, go háirithe má bhíonn athrú ar sheoladh, ar shonraí comhfhreagrais nó ar shonraí fostaíochta. Ar Mo Chlárú, is féidir leis an múinteoir cláraithe:

- Cur isteach ar *Droichead*
- seoladh poist, uimhir(uimhreacha) teileafóin agus seoladh ríomhphoist a leasú clárúchán a athnuachan
- údarú do phámháistrí a c(h)uid cáilíochtaí agus sonraí clárúcháin a bhreathnú ar líne
- sonraí fostaíochta (an scoil, cineál na fostaíochta) a leasú
- Teastas Clárúcháin a phriontáil
- print a Certificate of Registration
- a roghnú go bhfaightear/nach bhfaightear teachtaireachtaí eolais ar an ríomhphost ón gComhairle Mhúinteoireachta
- an pacáiste Foinse Oideachais (EBSCO) a aimsiú saor ó tháille. Tá cnuasach irisí, bailiúchán rLeabhar agus acmhainní taighde breise i réimse an oideachais ar fáil in EBSCO.

## Teacht an Phobail ar an gClár

Tá de cheangal ar an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Achtanna na Comhairle Múinteoireachta Clár Múinteoirí a fhoilsiú agus tá socraithe ag an gComhairle gur foilseachán ar líne an cineál is áisiúla. Chun na críche sin, tá feidhm 'Cuardaigh an Clár' á chur ar fáil ó bunleathanach láithreán gréasáin na Comhairle.

Ligeann an deis seo do dhuine den phobal a dheimhniú go bhfuil múinteoir ar an gclár trí chuardach a dhéanamh de réir ainm nó uimhir clárúcháin. Leagtar amach thíos an fhaisnéis a chuirtear i láthair maidir le múinteoir cláraithe agus tá sin i gcomhréir leis an reachtaíocht agus na coinníollacha a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ós leis an múinteoir in ainm an duine gairmiúil a bhaineann iomlán na faisnéise:

- céadainm
- sloinne
- uimhir clárúcháin
- stádas clárúcháin
- cineál na gcoinníollacha a cheanglaítear leis an gclárúchán
- an modh clárúcháin
- an scoil ina bhfuil an múinteoir fostaithe (de réir an fhógra is deireanaí a tugadh), agus
- an dáta clárúcháin.

## Grinnfhiosrúchán

Tá de cheangal faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 (Acht an BNG) go ndéanann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrú faoi dhaoine a oibríonn le leanaí nó le daoine soghonta.

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht údaraithe maidir le riarachán ar ghrinnfhiosrú múinteoirí in Éirinn. Bíonn an Chomhairle i gcaidreamh leis an BNG thar ceann na múinteoirí in Éirinn agus socraítear cead ag múinteoirí an tuairisc grinnfhiosrúcháin ina leith féin a bhreathnú.

Ar ghrinnfhiosrú a dhéanamh don BNG, cuirtear tuairisc grinnfhiosrúcháin ar fáil ina leagtar amach sonraí faoi thaifead coireachta (más ann dá leithéid) i ndáil leis an duine is ábhar don ghrinnfhiosrúchán. D'fhéadfadh chomh maith go gcuirfí ráiteas ar fáil faoi fhaisnéis shonraithe (más ann dá leithéid) sa chás go gcinneann Príomhoifigeach an Bhiúró gur chóir sin a nochtadh.

Chomh maith le grinnfhiosrúchán a dhéanamh an tráth a mbíonn clárú múinteora i gceist den chéad uair, déanann an Chomhairle athfhiosrúchán gach tríú bliain faoin uile múinteoir cláraithe. Ní foláir don mhúinteoir cláraithe, chuig a seoltar fógra athfhiosrúcháin, cloí lena n-éilítear san fhógra sin ionas gur féidir athnuachan a dhéanamh ar an gclárúchán an tráth a mbíonn sin dlite. Tugann an Chomhairle freisin faoi bhearta grinnfhiosrúcháin maidir le múinteoirí cláraithe thar ceann scoileanna/fostóirí chun críche fostaíochta agus le toil an mhúinteora.

Tá ceangailte ar an gComhairle Mhúinteoireachta an tuairisc grinnfhiosrúcháin a mheas maidir le cuibheas an duine i ndáil lena (h)ainm a chur ar an gclár nó le clárú a athnuachan.

Ceanglaítear ar scoileanna an tuairisc grinnfhiosrúcháin i ndáil le múinteoir a fháil, a bhreathnú agus a mheas sula gcuirtear tús le fostaíocht an mhúinteora.

Is féidir le múinteoir an tuairisc grinnfhiosrúcháin ina leith a chur ar aghaidh chuig fostóirí nó fostóirí ionchais tríd an tairseach ar líne.

Leagtar amach na coinníollacha maidir le grinnfhiosrúchán i gcás an mhúinteora atá ag dul i mbun socrú nua fostaíochta i gCuid 5 de Chiorclán 31/2016 na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tá eolas breise ar fáil faoin gceannteideal Grinnfhiosrú ar www.teachingcouncil.ie.

## Treoir don Mhúinteoir Cláraithe maidir leis na Meáin Shóisialta agus Cumarsáid Leictreonach

Tá an lón treorach seo dírithe ar chuidiú le múinteoirí a bhaineann úsáid as cumarsáid leictreonach agus as na meáin shóisialta. Tugtar réimsí baoil chun suntais agus comhairle faoi bhealaí chun na réimsí baoil sin a sheachaint agus cuirtear comhthéacs i láthair maidir le húsáid stuama ghairmiúil cumarsáid leictreonach agus as na meáin shóisialta. Is féidir an cháipéis Treorach seo a aimsiú ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie.

## Caighdeáin Ghairmiúlachta

I ndáil leis an gCód Iompair Gairmiúlachta, tá an múinteoir cláraithe freagrach agus cuntasach as a stuaim féin as a c(h)uid iompair i mbun chleachtadh na gairme agus *ab definitio* as dea-chlú na gairme a choinneáil ar bun. Tá tábhacht faoi leith leis sin i bhfianaise iontaoibh faoi leith a bheith ag muintir an phobail as múinteoirí. Tá an múinteoir, in ainm an oibrí ghairmiúil, freagrach as cinntí agus as bearta a dhéanann sé/sí i mbun na gairme. Tugtar san áireamh faoin sainmhíniú ar mhí-iompar gairmiúlachta a luaitear sa chód, mí-iompar i mbun ghairm an mhúinteora cláraithe féin nó mí-iompar taobh amuigh de ghairm na múinteoireachta féin.

Leis an gCód Iompair Gairmiúlachta do Mhúinteoirí déantar soláthar do chreat inar féidir le múinteoirí machnamh a dhéanamh faoina gcuid iompair agus gnáis cleachtais. Luaitear go follasach na luachanna ar a mbunaítear gairm na múinteoireachta agus leagtar amach na príomhréimsí freagrachta atá lárnach maidir le cleachtadh na gairme. Tá seasamh faoin dlí leis an gCód agus is pointe tagartha atá ann ag an gComhairle i ndáil le feidhmeanna faoi Chuid 5 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta, 2001-2015 a chomhlíonadh an tráth a mbítear ag plé le ceisteanna maidir le cuibheas dhuine chun múinteoireachta. Tá iompar atá i gcoinne an Chóid ar cheann de na forais le gearán faoi mhúinteoir cláraithe a bhreithniú. Is den bhunriachtanas go mbeadh gach múinteoir cláraithe eolach ar a bhfuil sa Chód agus go gcloítear leis.

## Gearáin in aghaidh mhúinteoirí cláraithe a fhiosrú (Cuibheas chun múinteoireachta)

Ar cheann d'fheidhmeanna príomhthábhachta na Comhairle Múinteoireachta, tá fiosrú a dhéanamh maidir le gearáin faoi chuibheas mhúinteoirí cláraithe chun múinteoireachta. Faoi Chuid 5 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001-2015, is féidir leis an gComhairle glacadh le gearáin faoi mhúinteoirí cláraithe agus bearta imscrúdúcháin a eagrú agus bearta fiosrúcháin a reáchtáil sa chás go meastar gur cuí sin.

Is féidir le haon duine ar bith, ina measc duine den phobal, fostóir, múinteoir eile nó an Chomhairle féin, gearán a dhéanamh faoi mhúinteoir cláraithe sa chás go mbaineann ábhar an ghearáin le cuibheas an mhúinteora chun múinteoireachta. Sa chás go ndéantar gearán faoi mhúinteoir cláraithe, tá d'údarás ag an gComhairle ábhar an ghearáin a imscrúdú, plé leis de réir na ngnás araíonachta trí fhiosrú a reáchtáil agus is féidir leis an gComhairle pionós a ghearradh ar an múinteoir faoi chaibidil. Tá sin ar aon dul leis na próisis araíonachta ag comhlachtaí rialála eile.

Tá breis eolais ar fáil sa chuid maidir le Cuibheas chun Múinteoireachta ar www.teachingcouncil.ie.

## Athchlárú bliantúil

Ní mór an clárúchán a athnuachan gach bliain agus tá sin de réamhchoinníoll sular féidir múinteoir a íoc as cistí poiblí (Alt 30). Is ar an múinteoir atá de chúram a chinntiú go ndéantar athnuachan ar an gclárú in am tráth ionas go gcinntítear nach mbíonn aon chur isteach ar chúrsaí tuarastail.

€65 an táille athchlárúcháin a ghearrann an Chomhairle. Leis an táille sin a mhaoinítear obair na Comhairle i mbun na bhfeidhmeanna maidir le caighdeáin gairmiúlachta agus le cúrsaí rialála.

Bliain i ndiaidh bliana, roimh an dáta athnuachana, seolann an Chomhairle fógra athnuachana ar an ríomhphost chuig an múinteoir. Seirbhís ar líne an t-athchlárú bliantúil a dhéantar tríd an gcuntas tairsigh Mo Chlárú.

Eisíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta fógraí meabhrúcháin ina dhiaidh sin freisin le teachtaireachtaí ríomhphoist agus téacs. Ar an múinteoir atá de fhreagracht sonraí comhfhreagrais a leasú trí "Mo Chlárú" ionas gur deimhin go dtiocfaidh teachtaireachtaí tábhachtacha faoin athnuachan bliantúil chomh fada leis/léi.

Leanann tréimhse clárúcháin go ceann 12 mí ón dáta clárúcháin. Mura ndéantar athnuachan ar an gclárúchán taobh istigh den téarma a shonraítear chuige sin, tá de dhualgas ar an gComhairle an múinteoir a bhaint den Chlár sin. Is den tábhacht a thabhairt chun aire gur féidir múinteoir a bhaint den Chlár ar chúiseanna eile, mar shampla coinníoll a fhágáil gan sásamh nó neamhchomhlíonadh maidir le cúrsaí Grinnfhiosrúcháin.

| AN TRÁTHCHLÁR MAIDIR LE HATHNUACHAN CLÁRÚCHÁIN | |
|---|---|
| Tuairim is mí roimh an dáta athnuachana: | Eisítear fógra athnuachana |
| Tuairim is seachtain tar éis an dáta athnuachana (mura ndearnadh athnuachan): | Eisítear fógra ar mhodh seachadta taifeadta chuig an múinteoir arna chur in iúl go mbainfear den Chlár é/í faoi cheann míosa mura ndéantar an clárú a athnuachan |
| Aon mhí amháin tar éis an fógra díchlárúcháin a eisiúint: | Baintear an Múinteoir den Chlár<br><br>(Ní mór dul tríd an bpróiseas clárúcháin go hiomlán ón tús sular féidir múinteoir díchláraithe a chur ar ais ar an gClár) |

Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta an cás in iúl don phámháistir (an Roinn Oideachais agus Scileanna nó an Bord Oideachais agus Oiliúna) nuair a bhaintear múinteoir den Chlár.

Ba cheart don mhúinteoir cláraithe an dáta athnuachana a thabhairt chun aire agus sin a chur in iúl don Chomhairle sa chás nach dtagann fógra athnuachana an tráth a mbeadh tnúth leis sin.

### Faoiseamh ó Cháin Ioncaim

Ceadaíonn na Coimisinéirí Ioncaim an táille athnuachana bliantúil don chlárúchán mar chaiteachas a bhaineann leis an obair chun críche. Is féidir éileamh ina leith sin a dhéanamh trí logáil isteach ar MoChuntas ar www.revenue.ie.

## An Modh Athnuachana

Is féidir le múinteoir athnuachan a dhéanamh ar an gclárú tríd an bhfoirm ar líne a líonadh isteach agus an táille a íoc trí chuntas tairsigh an mhúinteora ar Mo Chlárú ar www.teachingcouncil.ie.

Is den tábhacht a thabhairt chun aire nach féidir le múinteoir athnuachan a dhéanamh ar chlárúchán go mbíonn beart déanta faoina n-éilítear maidir le grinnfhiosrúchán in athuair nó coinníoll(acha) eile atá dlite a shásamh i bhfoisceacht sé mhí den dáta athnuachana. Sa chás nach ndéantar amhlaidh, rachaidh clárú an mhúinteora i léir, féach leathanach 9 maidir le "Teip coinníoll clárúcháin a shásamh".

## Tábhachtach – sonraí comhfhreagrais a choinneáil cothrom le dáta

Bíonn comhfhreagras á sheoladh go leanúnach ag an gComhairle chuig gach uile múinteoir. Seoltar comhfhreagras tábhachtach ar an bpost agus an nuacht is deireanaí ar an ríomhphost. Baineann an Chomhairle leas freisin as teachtaireachtaí téacs maidir le teachtaireachtaí meabhrúcháin eile, e.g., meabhrú faoin athnuachan clárúcháin gach bliain. Ó am go chéile, bíonn dlite ar an gComhairle comhfhreagras a sheoladh ar an bpost cláraithe/ le seachadadh taifeadta faoi mar a éilítear faoi Achtanna na Comhairle Múinteoireachta. Is ar an múinteoir féin atá de fhreagracht an clárúchán ina leith féin a choinneáil ar bun agus is den bhunriachtanas dá bhrí sin go gcoinníonn sé/sí na sonraí comhfhreagrais ina leith cothrom le dáta (i.e., seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin/fón póca). Is féidir sin a dhéanamh trí Mo Chlárú ar www. teachingcouncil.ie.

Ó tharla go bhféadfadh cáipéisíocht thábhachtach a bheith á sheoladh amach ag an gComhairle i rith laethanta saoire na scoile, is den bhuntábhacht go gcuireann múinteoir seoladh baile (nó áras cónaí) in iúl don Chomhairle. Is chuig an seoladh comhfhreagrais a chuireann múinteoir in iúl don Chomhairle a sheoltar fógraí (i.e., litreacha cláraithe/ míreanna eile cumarsáide) i gcomhréir le hAchtanna na Comhairle Múinteoireachta.

Sa chás nach mbíonn múinteoir i láthair ag an seoladh chuig a seoltar comhfhreagras, nó sa chás nach mbailíonn múinteoir comhfhreagras den sórt sin ón oifig sórtála poist áitiúil, glactar leis i gcónaí faoin dlí gur seoladh an litir sin, agus glactar leis gur cuireadh ábhar na litreach in iúl. Ar an ábhar sin, ní ceart seoladh na scoile nó an choláiste a lua mar sheoladh comhfhreagrais.

# féilte 2022

Remembering
Respect
Reimagining
Reflecting

**The Helix, DCU and Online**
Saturday, 1 October 2022

## FÉILTE, the Teaching Council's annual Festival of Education In Learning and Teaching Excellence, is a celebration of teaching and learning.





Join us on **Saturday, 1 October 2022** for the largest educational event in Ireland to celebrate the wonderful work that teachers do every day in their classrooms.

Click here for further information, including ticket details.

Come to FÉILTE 2022 to experience:

- Live panel discussions
- Showcases
- Workshops
- TeachMeet
- Comhrá Taighde
- LeadershipMeet
- StudentMeet

FÉILTE is a professional learning activity which can count towards your Croke Park hours (at your principal's discretion).

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

@teachingcouncil | @feilte | www.feilte.ie

## Cothú an Chaidrimh

Is den tábhacht go leanann múinteoirí cláraithe den chaidreamh leis an gComhairle, comhlacht gairme na múinteoirí féin. Tá leathanaigh éagsúla ar líne ag an gComhairle a bhfuil tábhacht leo maidir le caidreamh a choinneáil ar bun:

- www.teachingcouncil.ie
- The Teaching Council
- @TeachingCouncil
- @teachingcouncil
- The Teaching Council

Chomh maith leis sin, seolann an Chomhairle teachtaireachtaí ríomhphoist leis na tuairiscí is deireanaí chuig na múinteoirí cláraithe ar fad a bhfuil seoladh ríomhphoist luaite ina leith ar an gClár. An múinteoir féin atá freagrach as a chinntiú go gcoinnítear sonraí ina leith cothrom le dáta ar an gclár trí Mo Chlárú ar www.teachingcouncil.ie.

## Coinne

An tráth a bhfuil srianta oibre i bhfeidhm go fóill mar gheall ar an bpaindéim, níl oifigí na comhairle oscailte faoi láthair ag an bpobal.

Ceadaítear láithreán gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie maidir leis an scéal is nua ina leith sin.

Nuair is féidir coinne a shocrú arís agus múinteoir ag beartú cuairt a thabhairt ar oifigí na Comhairle chun iarratas (nó cáipéisíocht ina leith sin) a chur faoi bhráid, agus/nó ceisteanna maidir le clárú a phlé, is ceart a thabhairt chun aire go mbíonn córas coinní i bhfeidhm.

Cinntítear leis an gcóras sin:

- go mbíonn ball foirne ón rannóg chuí ar fáil an tráth a dtagann an t-iarratasóir nó an múinteoir cláraithe i láthair san oifig
- nach mbítear i bhfad ag feitheamh san oifig fáilte, agus
- go bpléitear leis an gceist is ábhar buartha ag an múinteoir an tráth a dtagtar chuig an oifig, ionas go seachnaítear aon ghá leis an dara cuairt a thabhairt.

Is féidir le múinteoir coinne a shocrú trí ghlao teileafóin a chur ar an gComhairle nó teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig info@teachingcouncil.ie.

## Comhfhreagras

Seo sonraí comhfhreagrais na Comhairle Múinteoireachta:

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7XO, Éire

Teileafón +353 1 651 7900 Rphost info@teachingcouncil.ie

Follow us online:

- Facebook The Teaching Council
- Twitter@TeachingCouncil
- Instagram@teachingcouncil
- LinkedIn The Teaching Council

## Aguisín 1

### *Droichead*: Treoir Ghonta (Bunscolaíocht)

# *Droichead*: Treoir Ghonta

COSÁN DROICHEAD ITE

# Bunscolaíocht

**Ó mhí Meán Fómhair 2020 i leith, *Droichead* an t-aon mhodh ionduchtúcháin amháin ag MNC Bunscolaíochta.**

| ***DROICHEAD*: AN CREAT SLÁNCHÓIRITHE MAIDIR LE HIONDUCHTÚCHÁN GAIRMIÚIL** |
|---|
| Conradh/tairiscint fostaíochta ar a laghad 60 lá as a chéile i dtimpeallacht incháilithe |
| ***Droichead*: An modh iarratais agus críochnú an phróisis** |
| 1) Iarratas trí thairseach na Comhairle Múinteoireachta ar www.teachingcouncil.ie. Roghnaítear "*Logáil isteach*"chun do chuntas tairsigh a oscailt, agus na cnaipí maidir le "*Coinníollacha*" agus "*Sonraí*" go n-aimsítear an coinníoll maidir le *Droichead* |
| 2) Tugtar faoi phróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtúchán Bunaithe ar an Scoil<br>- Le cúnamh taca ón Meithe al Tacaío ch ta Ghairmi úil (MTG )<br>**AGUS**<br>**Snáithe B:** Bearta Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastal ar Chruinniú Grúpa MNC amháin in aghaidh an téarma (féach Nóta 8 thíos)<br>- Ar a laghad 1 Bheart Foghlama Gairmiúil amháin eile arna roghnú i gcomhairle leis an MTG |
| 3) Críoch an phróisis trí Fhoirm D ar líne maidir le *Droichead* a líonadh ar thairseach na Comhairle Múinteoireachta ar www.teachingcouncil.ie. Roghnaítear "*Logáil isteach*" chun do chuntas tairsigh a oscailt, agus na cnaipí maidir le "*Coinníollacha*" agus "*Sonraí*" go n-aimsítear an coinníoll maidir le *Droichead*. Brúitear an cnaipe maidir le "*Foirm D Droichead*" a líonadh. |

### Pointí Tábhachtacha

1. Sular féidir cur isteach ar *Droichead*, ní mór duit:
   i) a dheimhniú go bhfuiltear i dtimpeallacht oibre inghlactha agus go sásaítear na coinníollacha maidir leis an íostréimhse a leagtar amach don phróiseas.
   ii) a dheimhniú go bhfuil an scoil toilteanach freastal don phróiseas i do leith trí Mheitheal Tacaíochta Ghairmiúil (MTG) a chur ar fáil a oibreoidh igcomhar i mbun cúnamh taca agus meantóireachta duit agus próiseas ion duchtúcháin ar siúl agat.
   iii) Cuid 2 den cháipéis maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta & Nósanna Imeachta agus Critéir a léamh agus a thuiscint ionas go mbítear ar an eolas go hiomlán faoi phróiseas *Droichead* agus a néilítear ortsa chun a thabhairt chun críche. Tá an cháipéis sin ar fáil faoi "Foilseacháin" ar www.teachingcouncil.ie.
2. Ní mór ar a laghad beirt mhúinteoirí ar an Meitheal Tacaíochta Ghairmiúil (MTG) a bhfuil ar a laghad dhá lá oiliúna maidir le fónamh ar MTG curtha isteach acu sular féidir tús a chur leis an bpróiseas i do leith.
3. Ní féidir an próiseas *Droichead* i do leith a thabhairt chun críche go mbíonn iomlán na gceithre lá oiliúna maidir le fónamh ar MTG curtha isteach agan uile dhuine ar an MTG.
4. Maidir leis na cúinsí a bhaineann le comhroinnt poist nó conradh páirtaimseartha, ceadaítear Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta - Coinníollacha maidir le Socruithe Eatramhacha atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.
5. Ar iarratas a dhéanamh duit maidir le *Droichead*, tiocfaidh admháil chugat i dteachtaireacht ríomhphoist go bhfuarthas an t-iarratas uait. A luaithe a ghlactar leis an iarratas, tiocfaidh deimhniúina leith sin chugat i dteachtaireach eile ríomhphoist.
6. Cuirtear naisc le faisnéis agus le cáipéisí tábhachtacha ar fáil sa ríomhphost deimhniúcháin. Deimhnítear cead tús a chur leis an bpróiseas i do leith agus luaitear an dáta tosaigh.
7. Ní féidir leat tús a chur le próiseas *Droichead* go bhfaightear ríomhphost deimhniúcháin ón gComhairle Múinteoireachta.
8. Bíonn cóip den ríomhphost deimhniúcháin de dhíth ar an MTG sular féidir tús a chur leis an bpróiseas *Droichead* i do leith.
9. Bíonn cóip den ríomhphost deimhniúcháin de dhíth sular féidir freastal ar Chruinnithe Grúpa.

Tá *Droichead* ar cheann de na coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta a bhíonn le sásamh ag MNC Bunscolaíochta. Tugtar eolas breise maidir leis na coinníollacha sin in Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

### *Droichead*: A Quick Guide (Post-primary)

# *Droichead*: Treoir Ghonta

## Iarbhunscolaíocht

Ó mhí Meán Fómhair 2020 i leith, Droichead an t-aon mhodh ionduchtúcháin amháin ag MNC Iarbhunscolaíochta.

| ***DROICHEAD*: AN CREAT SLÁNCHÓIRITHE MAIDIR LE HIONDUCHTÚCHÁN GAIRMIÚIL** |
|---|
| Conradh/tairiscint fostaíochta ar a laghad 200 uair a chloig i dtimpeallacht incháilithe in aon scoil iarbhunscolaíochta amháin |
| ***Droichead*: An modh iarratais agus críochnú an phróisis** |
| 1) Iarratas trí thairseach na Comhairle Múinteoireachta ar www.teachingcouncil.ie. Roghnaítear "*Logáil isteach*" chun do chuntas tairsigh a oscailt, agus na cnaipí maidir le "*Coinníollacha*" agus "*Sonraí*" go n-aimsítear an coinníoll maidir le *Droichead* |
| 2) Tugtar faoi phróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtúchán Bunaithe ar an Scoil<br>- Le cúnamh taca ón Meithe al Tacaío ch ta Ghairmi úil (MTG )<br>**AGUS**<br>**Snáithe B:** Bearta Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastal ar Chruinniú Grúpa MNC amháin in aghaidh an téarma (féach Nóta 8 thíos)<br>- Ar a laghad 1 Bheart Foghlama Gairmiúil amháin eile arna roghnú i gcomhairle leis an MTG |
| 3) Críoch an phróisis trí Fhoirm D ar líne maidir le *Droichead* a líonadh ar thairseach na Comhairle Múinteoireachta ar www.teachingcouncil.ie. Roghnaítear "*Logáil isteach*" chun do chuntas tairsigh a oscailt, agus na cnaipí maidir le "*Coinníollacha*" agus "*Sonraí*" go n-aimsítear an coinníoll maidir le *Droichead*. Brúitear an cnaipe maidir le "*Foirm D Droichead*" a líonadh |

### Pointí Tábhachtacha

1. Sular féidir cur isteach ar *Droichead*, ní mór duit:
   i) a dheimhniú go bhfuiltear i dtimpeallacht oibre inghlactha agus go sásaítear na coinníollacha maidir leis an íostréimhse a leagtar amach don phróiseas.
   ii) a dheimhniú go bhfuil an scoil toilteanach freastal don phróiseas i do leith trí Mheitheal Tacaíochta Ghairmiúil (MTG) a chur ar fáil a oibreoidh i gcomhar i mbun cúnamh taca agus meantóireachta duit agus próiseas ionduchtúcháin ar siúl agat.
   iii) Cuid 2 den cháipéis maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta & Nósanna Imeachta agus Critéir a léamh agus a thuiscint ionas go mbítear ar an eolas go hiomlán faoi phróiseas *Droichead* agus a n-éilítear ortsa chun a thabhairt chun críche. Tá an cháipéis sin ar fáil faoi "Foilseacháin" ar www.teachingcouncil.ie.
2. Ní mór ar a laghad beirt mhúinteoirí ar an Meitheal Tacaíochta Ghairmiúil (MTG) a bhfuil ar a laghad dhá lá oiliúna maidir le fónamh ar MTG curtha isteach acu sular féidir tús a chur leis an bpróiseas i do leith.
3. Ní féidir an próiseas *Droichead* i do leith a thabhairt chun críche go mbíonn iomlán na gceithre lá oiliúna maidir le fónamh ar MTG curtha isteach ag an uile dhuine ar an MTG.
4. Ar iarratas a dhéanamh duit maidir le *Droichead*, tiocfaidh admháil chugat i dteachtaireacht ríomhphoist go bhfuarthas an t-iarratas uait. A luaithe a ghlactar leis an iarratas, tiocfaidh deimhniú ina leith sin chugat i dteachtaireach eile ríomhphoist.
5. Cuirtear naisc le faisnéis agus le cáipéisí tábhachtacha ar fáil sa ríomhphost deimhniúcháin. Deimhnítear cead tús a chur leis an bpróiseas i do leith agus luaitear an dáta tosaigh.
6. Ní féidir leat tús a chur le próiseas *Droichead* go bhfaightear ríomhphost deimhniúcháin ón gComhairle Múinteoireachta.
7. Bíonn cóip den ríomhphost deimhniúcháin de dhíth ar an MTG sular féidir tús a chur leis an bpróiseas *Droichead* i do leith.
8. Bíonn cóip den ríomhphost deimhniúcháin de dhíth sular féidir freastal ar Chruinnithe Grúpa.

Tá *Droichead* ar cheann de na coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta a bhíonn le sásamh ag MNC Bunscolaíochta. Tugtar eolas breise maidir leis na coinníollacha sin in Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Aguisín 2

## Dul chun cinn maidir le rialáil bunaithe ar ghnéithe gairmiúlachta a thabhairt chun cinn

Ar mhaithe le gairm an mhúinteora agus chun leasa an phobail obair na Comhairle Múinteoireachta. Tá an bheartaíocht bunaithe ar mheon rialála maidir le gnéithe gairmiúlachta, freagracht i gcoitinne ar lucht na gairme agus muinín i gcoitinne as an ngairm. Tá d'aidhm ag an gComhairle ardchaighdeáin teagaisc a chur chun cinn ar mhaithe leis an aos foghlama agus leis na múinteoirí agus iad ag féachaint leis an saol foghlama is fearr is féidir a chruthú do na daltaí.

| | |
|---|---|
| **Clár na Múinteoirí** | Ar an gComhairle Mhúinteoireachta a leagtar de fhreagracht faoin dlí clár múinteoirí a chur ar bun agus a choinneáil ar bun in Éirinn. Tá sonraí maidir le 112,380 múinteoir cláraithe ar an gclár faoi láthair.<br>Clárúchán an bhunchloch maidir le hobair na Comhairle Múinteoireachta ar mhaithe le caighdeáin gairmiúlachta a chur chun cinn agus a chinntiú nach ligtear aon duine isteach sa ghairm nach bhfuil cáilíocht chuí múinteoireachta gnóthaithe acu agus tréithe oiriúnacha pearsanta. Cuirtear aitheantas reachtúil ar fáil ar stádas gairmiúil an mhúinteora.<br>Tá de choinníoll le híocaíocht a fháil as cistí an Stáit go mbeadh múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. |
| **Rialáil maidir le hiontráil i ngairm an mhúinteora** | Fágann rialacháin na Comhairle Múinteoireachta maidir le cúrsaí clárúcháin go bhfuil aonghnéitheacht i bhfeidhm maidir leis na coinníollacha a ghabhann le hiontráil i ngairm an mhúinteora.<br>Mar shampla, ceanglaítear faoi na rialacháin ar an uile mhúinteoir ar mian leis/léi a (h) ainm a chur ar an gclár cáilíocht aitheanta in oideachas tosaigh múinteoireachta a ghnóthú. Anall go dtí mí Aibreán 2013, ní raibh sin de choinníoll i ngach earnáil. Thug an Chomhairle rialacháin nua i bhfeidhm an 25 Iúil 2016 is féidir a bhreathnú ar www.teachingcouncil.ie. Tá athbhreithniú á thabhairt ar na Rialacháin sin faoi láthair. |
| **Cáilíochtaí a mheas** | Is den tábhacht go mbaineann gach múinteoir cláraithe in Éirinn caighdeáin ghairmiúla mar a chéile amach. Déantar cáilíochtaí an uile iarratasóir ar chlárúchán, iarratasóirí a ghnóthaigh cáilíochtaí taobh amuigh d'Éirinn san áireamh, a mheas ionas go gcinntítear go bhfuil siad ag teacht leis na caighdeáin arna leagan síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta.<br>I gcomhréir le Treoir 2005/36/CE an AE (arna leasú), tá duine a ghnóthaigh cáilíocht múin-teoireachta i mBallstát áirithe de chuid an AE i dteideal aitheantas do na cáilíochtaí sin i ngach Ballstát eile. Is féidir aitheantas den sórt sin a thabhairt faoi réir ag coinníollacha, lena n-áirítear aon easnamh a chúiteamh. An Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht inniúlachta in Éirinn maidir le hiarratas a mheas ó dhuine a ghnóthaigh cáilíocht múinte-oireachta i dtír eile de chuid an AE/LEE. |
| **Cód iompair gairmiúlachta a fhoilsiú** | Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as caighdeán na múinteoireachta in Éirinn a chaomhnú agus a fheabhsú trí ardchaighdeáin a chur chun cinn agus a chinntiú i measc lucht gairme na múinteoireachta.<br>Leagtar amach sa Chód Iompair Gairmiúlachta do Mhúinteoirí na caighdeáin maidir le heolas, scil, inniúlacht agus iompar a éilítear ar mhúinteoir cláraithe. Luaitear 33 caighdeán den sórt sin ar fad, comhartha ar chastacht agus ar éagsúlacht na múinteoireachta, agus baineann siad le réimsí de leithéid na cumarsáide agus an chaidrimh phearsanta, an chom-hionannais agus na huilechuimsitheachta, cloí le polasaithe náisiúnta agus le polasaithe scoile, forbairt ghairmiúil agus leas na ndaltaí. Tá ceithre cinn de phríomhluachanna mar bhonn daingean faoi na caighdeáin – meas, cúram, macántacht agus iontaoibh.<br>Luaitear sa Chód Cleachtais Gairmiúlachta do Mhúinteoirí freisin sainmhíniú ar iompar míghairmiúlachta i ndáil le cuibheas chun múinteoireachta. |

| | |
|---|---|
| **Polasaithe maidir le hoideachas múinteoirí a leagan síos** | Is gné lárnach d'obair na Comhairle Múinteoireachta ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hoideachas múinteoirí.<br><br>Is iomaí feidhm a leagtar ar an gComhairle maidir le hoideachas múinteoirí. Baineann na feidhmeanna sin le gach cuid de ré gairme an mhúinteora – iontráil ar chlár tosaigh in oideachas múinteoireachta; creidiúnú maidir le cláir den chineál sin; ionduchtúchán múinteoirí nuacháilithe i ngairm an mhúinteora; agus foghlaim leanúnach ghairmiúil an mhúinteora i rith a ré gairme.<br><br>Tá na feidhmeanna éagsúla dírithe ar a chinntiú go mbíonn, i rith a ré gairme ar fad, eolas, scileanna agus inniúlacht an mhúinteora sa chaoi is go gcuidíonn siad leis an aos foghlama teacht in inmhe chomh mór agus a bheadh iontu.<br><br>Leagtar amach i bPolasaí na Comhairle maidir le Leanúntas Oideachas Múinteoireachta polasaí na Comhairle maidir le hoideachas tosaigh sa mhúinteoireacht, cúrsaí ionduchtúcháin agus foghlaim leanúnach ghairmiúil. Is suntasach an cháipéis sin ós fada a bhíodh an cur chuige maidir le hoideachas múinteoireachta breac briste gan dóthain de cheangal agus de chónascadh idir céimeanna éagsúla ré gairme an mhúinteora. Foilsíodh, Droichead- Creat Slánchóirithe maidir le hIonduchtúchán Gairmiúil, polasaí na Comhairle maidir le cúrsaí ionduchtúcháin sa bhliain 2017. Tugadh céim foráis Droichead chun críche i rith na bliana 2021 agus is é Droichead feasta an t-aon mhodh ionduchtúcháin amháin ag gach MNC. Le tamall beag anuas, d'fhoilsigh an Chomhairle an polasaí maidir le Droichead - an próiseas slánchóirithe ionduchtúcháin nua agus Cosán, an Creat Náisiúnta maidir le Foghlaim Múinteoirí. |
| **Cláir tosaigh in oideachas múinteoireachta a chreidiúnú** | Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú agus creidiúnú ar chláir tosaigh in oideachas múinteoirí don bhunscolaíocht, don iarbhunscolaíocht agus don bhreisoideachas d'fhonn a chinntiú go mbíonn na cláir sin ar ardchaighdeán mar oireann maidir le mic léinn a ullmhú chun tabhairt faoi ghairm an mhúinteora.<br><br>Sa bhliain 2011, d'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta an chéad eagrán de na caighdeáin maidir le cláir tosaigh in oideachas múinteoirí, Initial Teacher Education: Criteria and Guidelines for Programme Providers agus i mí na Samhna 2020, foilsíodh na caighdeáin leasaithe, Céim: Caighdeáin maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí. Ní mór gach clár maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí a bheith ag teacht le Céim: Caighdeáin maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí maidir leis na mic léinn céadbhliana ó mhí Meán Fómhair 2022 amach.<br><br>Cuireadh tús i mí na Samhna 2021 le bearta athbreithnithe agus creidiúnaithe d'fhonn na cláir reatha a bhreithniú i gcomórtas le Céim. |
| **Taighde** | Tá buntábhacht le hobair taighde ag múinteoirí agus ar son múinteoirí ar mhaithe lena gcuid foghlama agus cleachtais. Is cuspóir thábhachtach ag an gComhairle Mhúinteoireacht cultúr an chomhar foghlama a chur chun cinn trína gcothaítear taighde agus sárchleachtas agus a gcuirtear toradh na beartaíochta sin i bhfeidhm sa seomra ranga. Tugtar tionscnaimh trína bhféachann an Chomhairle leis an gcuspóir sin a thabhairt i gcrích le chéile sa tsraith taighde CROÍ. Faoi Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan, cuirtear maoiniú agus cúnamh eile ar fáil d'fhonn cuidiú le múinteoirí leas a bhaint as torthaí taighde agus tabhairt faoi obair nua taighde. Bíonn teacht saor in aisce ag gach múinteoir cláraithe ar leabharlann ar líne na Comhairle ina bhfuil téacs iomlán líon is mó ná 500 leabhar agus 2,000 iris. Eagraíonn an Chomhairle seimineáir taighde ar líne freisin, eisítear r-irisí taighde, tionóltar Grúpa Rannpháirtíochta Taighde agus déantar fónamh do Chruinniú Taighde a eagrú ag Féilte – an Fhéile Bhliantúil Oideachais maidir le Sárfheabhas Foghlama agus Teagaisc. Tá eolas breise ar fáil ar na leathanaigh maidir le Taighde ar www.teachingcouncil.ie. |

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7XO, Éire

Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
Rphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council